Ímní sa Tuaisceart

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi litir a cuireadh chuig an Taoiseach ó dhreamanna éagsúla sa Tuaisceart, ag impí air cosaint a thabhairt dóibh nuair a fhágfaidh an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach. Sula bhféachann tú ar an mír, pléigh féin agus an duine in aice leat a bhfuil ar eolas agat faoin scéal.

Ceist 2 Cén Ghaeilge atá ar na focail agus ar na frásaí seo? Beidh siad le cloisteáil sa mhír ar ball.

- petition
- nationalist community
- as citizens
- lack of representation
- imploring
- noted
- the Taoiseach's promise
- the law sector
- health care
- the cost of education will rise

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 3 Anois, féach ar an tuairisc arís agus breac síos achoimre ghearr ar ábhar na míre. Cuir an méid a scríobh tú i gcomparáid leis an duine in aice leat.

Ceist 4 Cén chanúint atá ag Ailbhe Ó Monacháin?

Bain amach na lúibíní sna samplaí thíos agus cuir an fhoirm cheart den ainmfhocal sna bearnaí:

- ar an (céad) _____ leathanach
- ón (pobal) _____
- chuig an (Taoiseach) _____
- den (míle) _____
- den (teorainn) _____

- sa (tír) _____
- ón (earnáil) _____
- san (Aontas) _____
- sa (Deisceart) _____

Féach ar an tuairisc arís. An raibh an ceart agat?

Ceist 5 Féach ar na focail seo a bhí le cloisteáil sa mhír. An féidir leat na focail a bhfuil malairt bhrí acu a scríobh isteach sna bearnaí. Tá an chéad cheann déanta duit.

Tuaisceart Éireann	Deisceart Éireann
an pobal Náisiúnach	_____
laghdú	_____
ó dheas	_____
ar son	_____
Tuaisceartaigh	_____

Cad faoi na cinn seo anois:

An tIarthar	_____
siar	_____
thiar	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An mbeidh Éire aontaithe ann go deo? Cén fáth?
2. An gceapann tú go mbeidh reifreann eile sa Ríocht Aontaithe ar an mBreatimeacht?
3. Cé is mó a bheidh thíos le himeacht na Breataine ón Aontas Eorpach, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Is féidir gach beirt a chur ag obair ar an ngníomhaíocht seo sula seinntear an tuairisc, nó iad a chur ag obair i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Ceist 2

Is féidir an stór focal seo a phlé tar éis féachaint amháin.

petition – *achainí*
nationalist community – *an pobal náisiúnach*
as citizens – *mar shaoránaigh*
lack of representation – *easpa ionadaíochta*
imploring – *ag achainí*
noted – *aitheanta*
the Taoiseach's promise – *gealltanas an Taoisigh*
the law sector – *an earnáil dlí*
health care – *cúram sláinte*
the cost of education will rise – *méadóidh an costas oideachais*

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

Tá canúint Uladh ag Ailbhe Ó Monacháin. Dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar an difríocht idir an tuiseal tabharthach i gcanúint Uladh agus sna canúintí eile, mar shampla: *ar an c**h**éad* – canúint Uladh; *ar an **g**céad* – canúint na Mumhan agus canúint Chonnacht.

ar an chéad leathanach
ón phobal
chuig an Taoiseach
den mhíle
den teorainn
sa tír
ón earnáil
san Aontas
sa Deisceart

Ceist 5

Tuaisceart Éireann	<u>Deisceart Éireann</u>
an pobal náisiúnach	<u>an pobal aontachtach</u>
laghdú	<u>méadú</u>
ó dheas	<u>ó thuaidh</u>
ar son	<u>in éadan, in aghaidh</u>
Tuaisceartaigh	<u>Deisceartaigh</u>
An tIarthar	<u>An tOirthear</u>
siar	<u>soir</u>
thiar	<u>thoir</u>

Ceist 6

Is féidir gach beirt nó triúr a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eibhlín Ní Choistealbha
Bhuel, tá litir achainí don Taoiseach[1], Leo Varadkar, sínithe ag míle duine ón bpobal náisiúnach i dTuaisceart Éireann, ag iarraidh air cosaint a thabhairt dá gcearta mar shaoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh, nuair a imeoidh an Bhreatain as an Aontas. Léirítear imní sa litir, a foilsíodh i nuachtán an *Irish News*, faoin easpa ionadaíochta i bParlaimint na hEorpa nuair a fhágfaidh an Bhreatain.

Ailbhe Ó Monacháin
Ná fág i do dhiaidh muid a Leo. Sin an phléadáil ar an chéad[2] leathanach den *Irish News* ar maidin. Míle duine ón phobal náisiúnach i dTuaisceart Éireann is mó a shínigh an litir oscailte seo chuig an Taoiseach, ag achainí nach ndéanfadh Rialtas na hÉireann dearmad daofa[3] nuair a thiocfas[4] Breatimeacht.

Ní seo an chéad uair a shínigh grúpa mór daoine achainí phoiblí chuig an Taoiseach, Leo Varadkar, ag iarraidh air cosaint a thabhairt daofa i ndiaidh an Bhreatimeachta. Daoine aitheanta atá i gcuid mhaith den mhíle síniúchán, ón dá thaobh den teorainn. Fáiltíonn an litir roimh ghealltanas an Taoisigh nach mbeidh teorainn chrua sa tír. Ach, tá imní léirithe faoin laghdú mór, a deir siad, a dhéanfar ar a gcearta mar shaoránaigh de chuid an Aontais Eorpaigh.

Gearóid Ó hEaghra, Sinn Féin
Tá náisiúnaithe sa Tuaisceart buartha. Tá siad buartha nach seasfaidh an Rialtas i mBaile Átha Cliath ar son ár gceart[5], agus táimid ag iarraidh *just* brú a choinneáil ar an Rialtas ó dheas, go seasfaidh siad ar son náisiúnaithe sa Tuaisceart.

Ailbhe Ó Monacháin
Suas le céad fiche duine i saol an spóirt - James McClean as Doire, imreoirí, iar-imreoirí agus bainisteoirí mar Oisín McConville agus Peter Canavan[6] ó Chumann Lúthchleas Gael. Suas le trí chéad de lucht gnó, níos mó ná tríocha príomhoide scoile agus fiche dochtúir, chomh maith le cúpla dosaen ón earnáil dlí agus a n-imní féin orthu uilig[7].

Carol Nic Conmara, Cultúrlann Uí Chanainn
Caithfidh muidne bheith cinnte nach ndéanfaidh Leo Varadkar dearmad orainne agus ar na buairimh[8] atá againn. Má tharlaíonn Brexit, tá seans go mbeidh cuid mhór mhór rudaí ag cur isteach orainne. Seans nach mbeidh na cearta céanna againn.

Ailbhe Ó Monacháin
Deir an litir go ndiúltófar cúram sláinte a chur ar fáil do shaoránaigh ón Tuaisceart san Aontas Eorpach, i ndiaidh Brexit, fiú amháin agus iad ar cuairt i bPoblacht na hÉireann. Méadóidh an costas oideachais do Thuaisceartaigh sa Deisceart agus ní dhéanfar ionadaíocht níos mó i bParlaimint na hEorpa ar an phobal náisiúnach sa Tuaisceart.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4 i nDoire.

---

[1] *don dTaoiseach* a dúradh
[2] Córas Uladh
[3] *díobh* an leagan caighdeánach
[4] *thiocfaidh* an leagan caighdeánach
[5] *gceartaí* a dúradh
[6] Kavanagh a dúradh
[7] *uile* an leagan caighdeánach
[8] *buarthaí* an leagan caighdeánach